**Mion-trasnáil i gcomhair freagra i scríbhinn K-000001/2017**
**ar an gCoimisiún (Leas-Uachtarán / Ardionadaí)**
Rule 130a
**Marietje Schaake, Sophia in 't Veld, Kateřina Konečná, Jozo Radoš, Takis Hadjigeorgiou, Ivo Vajgl, Nessa Childers, Stefan Eck, Florent Marcellesi, Alyn Smith, Patrick Le Hyaric, Molly Scott Cato, Izaskun Bilbao Barandica, Afzal Khan, Barbara Spinelli, Alfred Sant, Bodil Valero, Klaus Buchner, Javier Nart, Helmut Scholz, Hilde Vautmans, Brando Benifei, Jill Evans, Jordi Solé, Marita Ulvskog, Olle Ludvigsson, Jytte Guteland, Jens Nilsson, Anna Hedh, Gabriele Zimmer, Martina Anderson, Claude Turmes, Liadh Ní Riada, Matt Carthy, Nils Torvalds, Agnes Jongerius, Georgi Pirinski, Merja Kyllönen, Neoklis Sylikiotis, Ignazio Corrao, Pascal Durand, Malin Björk, Kati Piri, Tania González Peñas, Eva Joly, Martina Michels, Anne-Marie Mineur, Fabio Massimo Castaldo, Marina Albiol Guzmán, Judith Sargentini, Lynn Boylan, Sajjad Karim, Bronis Ropė, Ana Gomes, Miapetra Kumpula-Natri, Eleonora Evi, Gerben-Jan Gerbrandy, Beatriz Becerra Basterrechea, Edouard Martin, Soraya Post, Julie Ward, Michèle Rivasi, Maria Arena**

Ábhar: VP/HR - Beartas lonnaíochta Iosrael

Ar an 24 Eanáir 2017, d'fhógair rialtas Iosrael go bhformheasfadh sé tógáil 2 500 aonad tithíochta nua ar an mBruach Thiar. Meastar faoin dlí idirnáisiúnta go bhfuil tógálacha den sórt sin mídhleathach. Sa bhreis air sin, fógraíodh an tseachtain seo caite gur formheasadh tógáil na gcéadta teach nua in Iarúsailéim Thoir (faoi fhorghabháil). Tharla an dá fhorbairt sin tar éis do rún 2334 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 23 Nollaig 2016 cáineadh a dhéanamh ar bheartas lonnaíochta reatha Iosrael.

Ar cuireadh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí ar an eolas faoi na tionscadail tógála sin atá beartaithe, agus cén teagmháil a tharla go dtí seo le rialtas Iosrael maidir leis an tsaincheist seo?

An ndéanfaidh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí cáineadh orthu seo agus ar aon tionscadal tógála eile ag Iosrael amach anseo, atá mídhleathach faoin dlí idirnáisiúnta agus a dhéanann réiteach dhá stát i bhfad níos achrannaí?

Conas a áiritheoidh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí comhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun a chinntiú go n-urramaítear an dlí idirnáisiúnta?